

# Plean Corparáideach 2019-2024

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council


Arna fhaomhadh ag Comhairle Contae Mhaigh Eo
an 10 Feabhra 2020

# Clár an Ábhair


- Réamhrá ................................................................ 3
- Brollach................................................................. 4
- Misean agus Fís.................................................... 5
- Ár Straitéis agus ár Luachanna............................. 7
- Ár gCur Chuige .................................................. 6-7
- Aidhmeanna........................................................ 11
- Cáipéisí Straitéise agus Beartais ........................ 21
- Próifíl Mhaigh Eo .................................................24
- An Chomhairle agus Ceantair Bhardasacha .......28

**AGUISÍN I:**
**Baill Thofa Chomhairle Contae Mhaigh Eo**



# Réamhrá

**Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo i gceartlár an phobail áitiúil, agus is í an príomhsholáthraí forbartha geilleagraí agus sóisialta i Maigh Eo. I ngeall gurb í an Chomhairle ceannaire daonlathach an Chontae, déanaimid ionadaíocht do na daoine agus seirbhísí áitiúla ríthábhachtacha á soláthar againn i gcomhthráth atá ina gcuid dhlúth de chaighdeán beatha gach duine a chónaíonn agus a oibríonn i Maigh Eo agus a thugann a cuairt ar an gcontae.**

Glacann Comhairle Contae Mhaigh Eo páirt lárnach in áit Inbhuanaithe, Ionchuimsitheach, faoi Rath agus Bhródúil a dhéanamh de Mhaigh Eo. Príomhchuid atá sa Phlean Corparáideach den iarracht a dhéanaimid aghaidh a thabhairt ar ár dtiomantas do Mhaigh Eo. Leagaimid amach ann ár misean mar an gcomhlacht daonlathach a dhéanann ionadaíocht do mhuintir Mhaigh Eo, an méid is mian linn a sholáthar do na daoine sna chéad chúig bliana eile amach romhainn, agus conas a chomhlíonfaimid ár ngealltanais dár bpobail.

Leagtar amach sa Phlean seo freisin na rudaí a dhéanfaimid iarracht a bhaint amach agus conas a dhéanfaimid ár n-iarrachtaí a thomhas chun go dtabharfaidh muintir Mhaigh Eo faoi deara go dtugaimid faoinár ngealltanais dóibh a shásamh go héifeachtach.

Íomhá © Brian Wilson

## BROLLACH

Forbraítear Plean Corparáideach i ngach téarma nua na Comhairle ina leagtar amach ár spriocanna agus ár gcuspóirí don tréimhse cúig bliana amach romhainn. Cuirtear dearcthaí ár mball tofa agus ár bpobal san áireamh sa Phlean seo agus tacaíonn sé le contae atá Ionchuimsitheach, Inbhuanaithe, faoi Rath agus Bródúil. Nuair a chuirtear san áireamh an iomaí dúshlán atá roimh Mhaigh Eo agus go leagann sí gníomhartha amach chun aghaidh a thabhairt ar rudaí a dtugtar céadtús áite dóibh, fáiltíonn an Chomhairle roimh rannpháirtíocht an phobail agus teastaíonn uaithi an geilleagar áitiúil a chothú agus dúshláin dhomhanda, náisiúnta agus áitiúla ag teacht aníos.



An Comh. Brendan Mulroy
CATHAOIRLEACH
Comhairle Contae Mhaigh Eo



Peter Hynes
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
Comhairle Contae Mhaigh Eo

Déanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo nuálú agus glacfaidh sí ceannas sa phróiseas seo trína chur ar chumas na foirne a lánchumas a bhaint amach trí chláir oiliúna agus forbartha a sholáthar, agus comhionannas deiseanna á chur chun cinn i gcónaí aici. Déanann leas an phobail agus soláthar ár seirbhísí é seo a chur chun cinn.

Tá údar bróid ag Contae Mhaigh Eo agus deireadh na chéad fiche a cúig bliain den mhílaois nua ag druidim linn. Tá níos mó cumarsáide á déanamh anois againn lenár bpobail agus lenár nDiaspóra ná mar a rinneadh riamh roimhe seo agus léirítear sa Phlean seo ár gcroíluachanna – ár gcontae a cheiliúradh, a chur chun cinn agus a fhorbairt pé áit ar féidir.

Táimid tiomanta do chomóradh a dhéanamh ar na himeachtaí bunaithe stáit a thit amach in Éirinn idir 1912 agus 1923. Cuirfimid imeachtaí ar bun i Maigh Eo a aithníonn 'áit agus oidhreacht' agus a chuireann lenár dtuiscint orthu, trí oibriú as lámh na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Imreoidh dálaí geilleagracha tionchar ar chur i bhfeidhm an Phlean seo i dtaobh leithdháileadh acmhainní. Déanfaidh ár mbaill thofa maoirseacht ar ár mbuiséad bliantúil, ár gcaipiteal agus ár gcláir sholáthair seirbhíse agus tabharfaidh ár bhFeidhmeannacht aghaidh go gníomhach ar aon dúshláin nua a thiocfaidh aníos agus dícheall á dhéanamh freastal ar riachtanais ár saoránach uile ag an tráth céanna.

Tá contae déanta de Mhaigh Eo atá ag éirí níos ionchuimsithí agus níos éagsúla i gcónaí. Trí oibriú go dlúth lenár bpobail, lorgaímid le barr feabhais a chur ar chaighdeán na beatha do chách trí idirchaidreamh éifeachtach agus comhsheasmhach a dhéanamh lenár saoránaigh agus ár gcuairteoirí.

Tá fís chomhroinnte againn. Táimid tiomanta dár bPlean Corparáideach chun go mbeidh an rath orainn agus spreagann na dúshláin agus na deiseanna atá i ndán dúinn muid.

**"Treabhaimid linn ar son na cúise……"**



# Misean agus Fís



"**Folláine agus caighdeán beatha ár saoránach agus ár bpobal i Maigh Eo a a chur chun cinn agus barr feabhais a chur ar mhealltacht an Chontae mar áit le cónaí, le hoibriú agus le hinfheistiú ann, le cuairt a thabhairt air agus le taitneamh a bhaint as**"

## Fís

**Contae atá Inbhuanaithe, Ionchuimsitheach, faoi Rath agus Bródúil**



## Ár Straitéis

**Bainfimid ár Misean agus tabharfaimid aghaidh ar ár bhFís mar seo a leanas:**

Cabhróimid leis an méid seo a leanas

- Caighdeán maith beatha a sholáthar
- Pobail a chothú
- Diaspóra Gnó a Fhás
- Tacú lenár ndaoine saol níos fearr a mhaireachtáil, de réir luachanna a gcontae

Cruthóimid an méid seo a leanas

- Deiseanna
- Timpeallachtaí dearfacha
- Deiseanna inbhuanaithe don fhás agus don fhorbairt

Déanfaimid uasmhéadú ar an méid seo a leanas

- Buntáistí a bhaintear amach i nGníomhú go dearfach ar son na hAeráide
- Tionchar caidrimh
- Deiseanna chun tacú le agus dul chun sochair daoine



# Ár Luachanna

### Inbhuanaithe

- Sóisialta
- Geilleagrach
- Ar son an Chomhshaoil

### Bródúil

- Obair ar son Mhaigh Eo
- Uaillmhianach don Chontae
- Rudaí a Bhaint Amach don Chontae

### Ionchuimsitheach

- Cuireann gach duine leis
- Ní fhágtar duine ar bith ar lár
- Tabhairt faoin uileghabhálacht agus an rannpháirtíocht a bhaint amach go gníomhach

### Faoi Rath

- Caighdeán na beatha
- Infheistíocht
- Poist fiontraíochta a chruthú
- Freastal ar ár riachtanais féi

### Buntacaithe trí bheith:

- Daonlathach
- Meas a léiriú
- Lách
- Nuálach
- Lúfar/Solúbtha
- Cultúrtha
- Éifeachtach
- Oscailte
- Trédhearcach
- Comhionann
- Inrochtana

# Ár gCur Chuige

Leanúint d'fhoireann a fhorbairt leis ag a bhfuil an cultúr, an cheannaireacht, na scileanna, an treallús agus an tuiscint le príomhthionscadail agus príomhchláir a sholáthar.

- Beimid dírithe ar shaoránaigh, laghdóimid an maorlathas, agus beimid freagrúil do riachtanais atá in iomaíocht lena chéile.
- Cruthóimid pobail chobhsaí trí úsáid a bhaint as cur chuige comhtháite i leith Beartais Fhisiciúla, Shóisialta agus Gheilleagracha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Tá ár mbeartais bunaithe ar rannpháirtíocht bhríoch.

## Ár dTiomantas Sóisialta

Táimid tiomanta d'fheabhas a chur ar chaighdeán na beatha i measc daoine agus pobal. Tacóimid le háiseanna ardchaighdeáin áineasa, cultúrtha agus cathartha agus forbróimid agus cothóimid iad. Léirímid luach ar phobail shábháilte agus inbhuanaithe ina mbaineann daoine ar gach aois taitneamh as caighdeán maith beatha agus as bród a bhraistint as a n-áit.

Déanfaimid éagsúlacht, comhionannas agus comhpháirtíocht a chur chun cinn go gníomhach, cinnteoimid go dtugtar an aird chuí ar chearta daonna i ngach rud a dhéanaimid, agus rachaimid i ngleic le haon saincheisteanna idirdhealaithe a d'fhéadfadh teacht chun solais trí Dhualgas na hEarnála Poiblí dár gcuid faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chur i bhfeidhm.

## Ár dTiomantas Geilleagrach

Forbróimid ár bpobail uirbeacha agus tuaithe mar áiteanna a chuireann borradh geilleagrach chun cinn agus a bhfuil baint lárnach acu le Conair Gheilleagrach an Atlantaigh, a chruthaíonn timpeallacht ina mbunófar Maigh Eo mar láthair infheistíochta den scoth agus mar áit chairdiúil le gnólacht nua a chur ar bun ann.
 Neartóimid ár bpobail tuaithe chun buntacú le feidhmíocht níos fearr gheilleagrach agus forbróimid suíomhanna agus láithreacha straitéiseacha go samhlaíoch a bheidh mar bhonn taca le braislí nua d'fhorbairt gheilleagrach.

## Ár dTiomantas don Chomhshaol

Mar phríomheagraíocht um ghníomhú ar son na haeráide, cuirfimid athléimneacht d'athrú aeráide agus gníomhú ar son na haeráide san áireamh i ngach seirbhís agus feidhm de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Cuirfimid forbairt inbhuanaithe chun cinn, bonneagar comhshaoil, roghanna taistil níos cliste, inrochtaineacht ar thithíocht ardchaighdeáin, bonneagar iompair ardchaighdeáin ina measc agus spreagfaimid agus tacóimid le teacht i láthair teicneolaíochtaí digiteacha nua.

Soláthróimid ríocht phoiblí atá: inrochtana agus sábháilte do dhaoine ar gach aois agus cumas lena húsáid; a thacaíonn le stíleanna maireachtála sláintiúla a chuireann chun cinn iad do chách; a dhéanann ceiliúradh ar chaighdeán limistéir chruthaitheacha Mhaigh Eo inar féidir le daoine teacht le chéile; agus scoth Mhaigh Eo a chur chun cinn, agus áit níos mealltaí le cónaí, le hinfheistiú agus le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de.




Plean Corparáideach 2019-

# Ár Struchtúr




Féach Aguisín G



# Struchtúr Inmheánach

Shainaithin na foirne bainistíochta agus ceannaireachta an cultúr agus an nuálaíocht mar dhá limistéar mhóra tosaíochtaí inmheánacha do na chéad chúig bliana eile amach romhainn.
Ciallaíonn seo:

- Athruithe ar an gcultúr agus ar stíleanna ceannaireachta sa Chomhairle a fhorbairt
- Machnamh a dhéanamh ar "pearsantacht" Chomhairle Contae Mhaigh Eo
- Sraith tionscadal a fhorbairt maidir leis an gcultúr agus an nuálaíocht go hinmheánach don fhoireann agus do chomhairleoirí agus go seachtrach araon do phobal Mhaigh Eo.
- Cultúr Ceannaireachta na heagraíochta a neartú agus a fhorbairt le haidhmeanna an Phlean Chorparáidigh a chur san áireamh

Beidh páirt lárnach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo in aghaidh a thabhairt ar ár ngealltanais sa Phlean seo agus cuirfimid na hacmhainní agus na scileanna riachtanacha ar fáil dóibh go mbeidh ar a gcumas seo a bhaint amach.

# Struchtúr Seachtrach

Beidh sé mar chuspóir againn, faoi cheannaireacht ár mball thofa, freastal ar riachtanais Mhaigh Eo sna blianta amach romhainn. Ciallaíonn seo:

- Déanfar ár seirbhísí a ailíniú leis na dúshláin gheilleagracha, shóisialta agus fhisiciúla atá roimh Mhaigh Eo agus Réigiún an Iarthair
- Cumarsáid leanúnach a dhéanamh le poiblí Mhaigh Eo maidir le cláir, tionscadail agus nuálaíochtaí
- Idirchaidreamh a dhéanamh le pobal Mhaigh Eo i dtaobh Mhaigh Eo na todhchaí a fhorbairt
- Cultúr líonraithe a fhorbairt ar gach leibhéal agus le gach páirtí leasmhar
- Táimid tiomanta do thacú le, tuairisciú a dhéanamh ar agus réimse fairsing seirbhísí a sholáthar faoi stiúir ár gComhairleoirí, na Comhairle agus na gCeantar Bardasach.

Déanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo cultúr an athraithe agus na nuálaíochta a bhrú chun cinn i Maigh Eo trínár ngealltanais sa phlean seo.
Beidh páirt lárnach ag baill thofa Chomhairle Contae Mhaigh Eo sa ghealltanas seo agus tacófar leo (faoi mar a dtacaítear leis an bhfoireann) trí na hacmhainní, an oiliúint agus an teicneolaíocht a chur ar fáil dóibh le haghaidh a thabhairt ar an bplean seo.



Plean Corparáideach 2019-

# Aidhmeanna

4 Aidhm chun tacú le muintir Mhaigh Eo agus leis an áit a bhfuil ann

- Inbhuanaithe
- Ionchuimsitheach
- Faoi Rath
- Bródúil



# Aidhm 1: Inbhuanaithe

Maigh Eo inbhuanaithe a chruthú a chosnaíonn an timpeallacht nádúrtha agus thógtha don chéad ghlúin eile.



"Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ar thús cadhnaíochta i dtaobh déileáil le tionchair an athraithe aeráide agus tá ról ríthábhachtach le glacadh aici i dtaobh a chinntiú go ndéantar breithniú leordhóthanach ar chúinsí áitiúla sa phróiseas oiriúnaithe trí chéile agus i dtaobh an pobal áitiúil a thabhairt san áireamh go díreach in iarrachtaí a dhéanamh le hathrú éifeachtach a éascú"

Straitéis Oiriúnaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Lch 16

# Ár nAidhm a Bhaint Amach

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

1. Straitéis Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide 2019-2024 Chomhairle Contae Mhaigh Eo (an Straitéis Oiriúnaithe) a chur i bhfeidhm ina leagtar amach ár dtosaíochtaí straitéiseacha, ár mbearta agus ár bhfreagairtí chun oiriúnú i gContae Maigh Eo sna chéad chúig bliana eile amach romhainn; faoi mar a cheanglaítear san Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin, 2015.

2. Forbairt Plean Forbartha Contae nua a éascú; Príomhghné a bheidh sa Phlean Forbartha Contae chun cabhrú le téarnamh geilleagrach agus borradh inbhuanaithe sa Chontae; cruthóidh seo tairbhí dár saoránaigh go léir; cuirfidh sé le mealltacht an Chontae mar áit le cónaí, le hoibriú, le hinfheistiú ann agus le taitneamh a bhaint as; agus tacú le beartas agus reachtaíocht náisiúnta ar bhealach comhtháite.

3. Tacú le tionscadail agus cláir réigiúnacha agus iad a fhorbairt atá ar na bacáin agus á soláthar i Maigh Eo mar chuid den infheistíocht phoiblí a shonraítear i dTionscadal Éireann 2040

4. Páirt a ghlacadh i réimse tionscnaimh ríochta poiblí i Maigh Eo, an Plean Oidhreachta, Foirne Baile, Seiceáil Sláinte na mBailte ina measc, agus Pleananna Ríochta Poiblí Bailte breise a fhorbairt

5. Idir acmhainní agus tacaíocht a sholáthar do Sheirbhís Dóiteáin Maigh Eo agus Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo.

6. An t-ioncam ó rátaí agus cáin mhaoine áitiúil a thiomsaítear i Maigh Eo a uasmhéadú. Ciallaíonn seo go glacaimid le freagracht as ár sciar d'acmhainní a thiomsaítear go háitiúil agus go ndéanaimid an t-airgead a chaitear a ailíniú le riachtanais agus uaillmhianta Mhaigh Eo agus luach ar airgead á bhaint amach ag an tráth céanna.

7. Luach ar airgead agus acmhainní breise a bhaint amach don Chontae trí oibriú lenár gcomhpháirtithe san earnáil phoiblí agus phríobháideach agus acmhainní eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí agus príobháidí a ailíniú leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as ár n-acmhainní.

8. Oibriú lenár bhfoireann agus foireann nua a earcú chun Straitéis Daoine a chur i bhfeidhm chun tacú le haidhmeanna na hEagraíochta.

# Aidhm 2: Ionchuimsitheach


Maigh Eo ionchuimsitheach a chur chun cinn agus cabhrú leis seo a bhaint amach




> “Cabhrú le heagraíochtaí a chinntiú go mbíonn teacht ag gach duine de mhuintir Mhaigh Eo ar an réimse acmhainní lena chur ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh ina bpobail áitiúla, lena éascú go mbaintear amach contae ionchuimsitheach agus chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac.”

PÁEP Mhaigh Eo 2015-2021 Lch 37







# Ár nAidhm a Bhaint Amach

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

1. **Oibriú tríd an CFPÁ agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha eile le leanúint de Mhaigh Eo níos ionchuimsithí a chruthú, tríd an PÁEP a chur i bhfeidhm agus trí pháirt a ghlacadh sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail (an LRP) agus i struchtúir eile phobail**

2. **Caighdeán na beatha a fheabhsú trínár gClár Tithíochta tríd an méid seo a leanas**

   I. **An Clár Caipitil Tithíochta a chur i bhfeidhm go leanúnach**

   II. **Beartais réamhghníomhacha agus thacúla bhainistíochta tithíochta agus idirchaidreamh bríoch le cónaitheoirí**

   III. **Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh Atógála Áiteanna Cónaithe agus Tithe Folmha a chur chun cinn**

   IV. **Tacú le Pleananna Gníomhaíochta an Choiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht do Thaistealaithe (an CÁCT) agus do Dhaoine gan Dídean**

3 **Ár mbonneagar leabharlainne, músaeim agus ealaíon a úsáid le Maigh Eo fáilteach agus dinimiciúil a chur chun cinn ina léirítear luach ar a hoidhreacht agus a cultúr.**

4 Pleananna Seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon agus Gaeilge Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

5 **Ár seirbhísí leabharlainne agus ár ngréasán brainsí a úsáid le foghlaim a chumasú, eolas a sholáthar agus scileanna, cruthaitheacht, smaointe agus eolas a chur chun cinn.**

6 **Oibriú leis na gníomhaireachtaí oiliúna agus oideachais i Maigh Eo, Campas GMIT i gCaisleán an Bharraigh san áireamh chun feabhas a chur ar dheiseanna foghlama, oideachais agus oiliúna sa Chontae.**

7 **Comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn i measc fheidhmeanna Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta daonna a chur san áireamh a bhaineann lenár bhfeidhmeanna, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha a théann i ngleic leo.**

8 **Oideachas a chur ar phobail ar fud Mhaigh Eo agus iad a chur ar an eolas agus a chumasú chun a rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a mhéadú trí Phlean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a chur i bhfeidhm.**

9 Tacú le Coiste Cúraim Leanaí Contae Mhaigh Eo chun teacht ar chúram leanaí inacmhainne a chur chun cinn agus le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo chun an spórt a chur chun cinn do chách.

# Aidhm 3: Faoi Rath

Tacú le fostaíocht, fiontraíocht a spreagadh agus infheistíocht sa Chontae a uasmhéadú



“ Baineann ríthábhacht le rannpháirtíocht iomlán pobail tuaithe san fhorbairt straitéiseach mar a bheartaítear faoi Thionscadal Éireann 2040 ar mhaithe le lánchumas a réimse fhairsing torthaí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá sé seo bainteach i dtaobh cholúin thraidisiúnta an gheilleagair thuaithe, na n-earnálacha nádúrtha agus bia, anuas orthu siúd a eascraíonn as forbairtí cosúil le nascacht fheabhsaithe, leathanbhanda agus deiseanna le haghaidh forbairt leathanbhanda agus gheilleagrach tuaithe. ”

Tionscadal Éireann 2040 – An tIarthar, Lch 3




# Ár nAidhm a Bhaint Amach

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

1. **Oibriú tríd an Aonad Geilleagrach agus Infheistíochta agus trí Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo chun freastal mar ‘ionad ilfhreastail’ a sholáthraíonn comhairle d’fhiontraithe i gContae Mhaigh Eo ar ghnólacht beag a thosú agus a fhás, ar oiliúint gnó ardchaighdeáin agus ar thacaíocht airgeadais.**
2. **Stiúrfaimid soláthar Chlár LEADER Mhaigh Eo.**
3. **Cuirfimid barr feabhais ar an infheistíocht leanúnach i mbóithre agus i mbonneagar iompair i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt.**
4. **Cuirfimid príomhthionscadail chun cinn sna cúig bliana eile amach romhainn, an méid seo a leanas ina measc: An N5 ó Chaisleán an Bharraigh go Cathair na Mart, an N17, etc.**
5. **Príomhthionscadail Chaipitil a chur chun cinn, faoi mar a dtugtar cuntas orthu agus lena gcomhaontaítear sa Chlár Caipitil 5 bliana.**
6. **Leanúint le feabhas a chur ar chláir Athnuachana Baile agus Sráidbhaile.**
7. **Bonneagar na ríochta poiblí a fheabhsú chun gur féidir le daoine maireachtáil, oibriú, agus teacht ar an gcultúr agus ar chaitheamh aimsire i dtimpeallacht shábháilte agus chairdiúil.**
8. **Infheistíocht leanúnach i mbonneagar Seirbhísí Uisce a spreagadh i gcomhar le hUisce Éireann.**
9. **Straitéis Turasóireachta Mhaigh Eo nua a fhorbairt tar éis Cheann Scríbe Mhaigh Eo 2016-2021 lena chinntiú go ndéantar na rudaí a chuireann an turasóireacht fhisiciúil, chomhshaoil agus chultúrtha ar fáil a sholáthar, a chur chun cinn agus go bhfuil siad mealltach do chuairteoirí chuig an gContae.**

# Aidhm 4: Bródúil

Lena chinntiú go mbíonn muintir agus áit Mhaigh Eo ceangailte leis na luachanna, le cultúr agus le branda a chuireann Maigh Eo chun cinn mar áit le cónaí, le hoibriú, le hinfheistiú ann agus le cuairt a thabhairt air



“ Tá an cultúr agus an oidhreacht i gceartlár aitheantas agus chaighdeán beatha Mhaigh Eo. Tá siad lárnach i dtaobh contae beoga a dhéanamh de, ar ceann scríbe mealltach é do thurasóirí, cónaitheoirí an chontae agus do na Tionscail Chruthaitheacha. Tá an meascán is fearr ag Maigh Eo, ar go leor bealaí, de thírdhreach spreagúil agus bonneagar cultúrtha ar a bhfuil cáil agus inar féidir leis an gcultúr agus an chruthaitheacht bheith faoi bhorradh agus faoi bhláth ”

Éire Ildánach; Maigh Eo 2017

# Ár nAidhm a Bhaint Amach

Déanfaimid an méid seo a leanas:

1. Comhairle Contae Mhaigh a shuíomh mar eiseamláir earnála i dtionscnaimh chlaochlaitheacha, mar cheannaire i nuálaíocht theicniúil agus mar thiománaí ar éiceachóras digiteach den chéad scoth d’Iarthar na hÉireann, agus ardán digiteach le haghaidh soláthar feabhsaithe seirbhíse á sholáthar i gcomhthráth, dár bhfoireann, saoránaigh, cuairteoirí agus gnólachtaí trí Straitéis Seirbhísí Faisnéise Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2020-2022 i gcomhoibriú leis an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach.
2. Stiúrfaimid claochlú digiteach Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus tabharfaimid tús áite do sheirbhís éifeachtúil do chustaiméirí a sholáthar dár bhfoireann, ár gcomhairleoirí agus ár saoránaigh trí Phlean um Chlaochlú Digiteach Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chruthú.
3. Claochlú na láithreán gréasáin Mayo.ie agus Mayococo.ie a chríochnú ina ndéanfar láithreán gréasáin nua-aimseartha idirghníomhach amháin díobh atá in ann tacú le híocaíochtaí, ceisteanna ó chustaiméirí agus ceangal lenár nDiaspóra thar lear.
4. Córas Catalóg Sheirbhísí agus do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) a sholáthar chun cabhrú le seirbhísí a phléann go díreach leis an bpobal a sholáthar.
5. Idirchaidreamh a dhéanamh lenár bpobail, sa bhaile agus thar lear araon, i réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh a chuireann Maigh Eo chun cinn, Lá Mhaigh Eo, tionscadail Diaspóra agus réimse cláir phobail, chruthaitheacha agus nuálacha san áireamh

# Cén chaoi a mbeidh a fhios againn go bhfuil ár ngealltanas á mbaint amach againn?

**Tomhaisfear dul chun cinn ar chuspóirí a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, trí na rudaí seo a leanas san áireamh:**

- **Tascairí Seirbhíse Náisiúnta**
  **Moltaí ón gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta**
- **Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Mhaigh Eo**
- **Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul chun Cinn ar Chur i bhFeidhm an Phlean Chorparáidigh**
- **Tuarascálacha an Choiste Iniúchóireachta**
  **Tuarascálacha Iniúchóireachta Seachtracha an Rialtais Áitiúil**
- **Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh leis an gComhairle**
- **Cuntais agus Tuarascáil Torthaí Dheireadh na Bliana**
- **Suirbhéanna ar Chustaiméirí**
- **Athbhreithniú Ráithiúil ar spriocanna an Phlean Seirbhíse Bhliantúil ina ndéanfar gníomh ceartaitheach le gníomhartha a leasú nó tús áite a thabhairt dóibh, má mheastar gur gá**

Plean Corparáideach 2019-2024

# Cáipéisí Straitéise agus Beartais

## Cáipéisí Náisiúnta/AE

- An Plean Gnímh maidir le Poist
- An Clár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach 2012
- An Clár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach, Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine
- Tógáil 2020 – Straitéis d'Earnáil Athnuaite Tógála
- An Eoraip 2020
- Straitéis Sláinte agus Folláine
- Éire Shláintiúil
- Straitéis Tithíochta 2020
- Clár Infheistíochta Bonneagair agus Caipitil agus straitéisí gaolmhara
- Pobail a Choimeád Sábháilte - Seirbhísí Dóiteáin Creat 2013
- An Straitéis Gheilleagrach Mheántéarmach 2014-2020
- An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta
- An Creat Oiriúnaithe Náisiúnta 2018
- An Plean Forbartha Náisiúnta don tréimhse go 2016
- Plean um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais 2013-2015
- An Straitéis Náisiúnta do Dhaoine gan Dídean
- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016
- An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí 2014-2020
- An Staidéar Náisiúnta ar Riachtanais Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád, an tÚdarás um Bóithre
- Náisiúnta - Márta 2011
  An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020
- "Deiseanna do Chách" – Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013–2017
- Ár dTodhchaí Inbhuanaithe, Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn 2012
- Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014-2016
- Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington)
- An Clár Iompair Tuaithe a Athstruchtúrú
- Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe – Samhail Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020
- An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019



# Pleananna Réigiúnacha

- An Plean Gnímh maidir le Poist - Réigiúnach
- Plean Straitéiseach Cheantar an Iarthair 2012-2030
- Plean Gníomhaíochta Easpa Dídine Réigiún an Iarthair 2013-2018
- Treoirlínte Pleanála Réigiúin
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach 2015-2021

# Pleananna

- Clár Aoisbhá
- Plean Forbartha Contae Maigh Eo
- Clár Cóiríochta do Thaistealaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo
- Pleananna Ceantair Áitiúil
- Pleananna Forbartha Áitiúla
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- An Straitéis Forbartha Tuaithe
- Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt 2015-2018
- Ullamh don Aeráid Maigh Eo (Climate Ready Mayo)
- Cairt um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhaigh Eo





# Limistéir na Comhairle agus Ceantair Bhardasacha

## An chaoi a n-eagraíonn muid ár gcuid oibre

**Oibrítear Comhairle Contae Mhaigh Eo trí cheithre Cheantar Bhardasacha agus líon príomh-Ranna atá struchtúraithe laistigh d'eagraíocht aontaithe rialtais áitiúil.**

**Tá 30 ball againn a bheidh tofa go dtí 2024 agus déanann Cathaoirleach cathaoirleacht ar an gComhairle, a thoghann na baill gach bliain.**

**Déanann an Grúpa Beartais Chorparáidigh agus na sé Choiste Beartais Straitéisigh beartas a thosú, a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Déanann ár bPríomhfheidhmeannach, lena dtacaíonn 1300 fostaí, maoirseacht ar ghnóthaí laethúla na Comhairle.**



Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

**Plean Corparáideach**

2019-2024

## Teagmháil a Dhéanamh Linn


Áras an Chontae
An Meal
Caisleán an Bharraigh
Contae Mhaigh Eo F23 WF90

**Guthán:** +353 94 906 4000
**Ríomhphost:** info@mayo.ie
**Láithreán Gréasáin:** www.mayo.ie

